2026/232

30.1.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/232 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 29 Eanáir 2026**

**maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle [1], bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána chun go maoineodh na Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle, tá an tSaoráid Eorpach Síochána le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú, amhail gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú i ndáil le cúrsaí míleata agus cosanta.

(2) Tá an tAontas tiomanta d'fheabhas a chur ar an gcomhar cuimsitheach polaitiúil agus eacnamaíoch agus comhpháirtíocht chuimsitheach pholaitiúil agus eacnamaíoch le Poblacht na hAirméine, bunaithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile [2] ('an Comhaontú Comhpháirtíochta Feabhsaithe'), agus forbairt dlúthchaidrimh pholaitiúil a chur chun cinn. De bhun Airteagal 5 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Feabhsaithe, tá an tAontas agus Poblacht na hAirméine lena n-idirphlé agus lena gcomhar a threisiú i réimse an bheartais eachtraigh agus slándála, lena n-áirítear an comhbheartas slándála agus cosanta (CBSC), agus tá siad le haghaidh a thabhairt go háirithe ar shaincheisteanna a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc agus géarchéimeanna a bhainistiú, le laghdú riosca, leis an gcibearshlándáil, le hathchóiriú na hearnála slándála, le cobhsaíocht réigiúnach, leis an dí-armáil, leis an neamhleathadh, le rialú arm agus le rialú onnmhairí.

(3) Aithníonn an tAontas go bhfuil sé ar intinn ag Poblacht na hAirméine rannchuidiú le misin agus oibríochtaí CBSC an Aontais amach anseo, agus cuireann sé in iúl gur geal leis toradh na caibidlíochta le haghaidh comhaontú lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine in oibríochtaí bainistíochta géarchéime an Aontais.

(4) Leis an gCinneadh seo, cuirtear le Cinneadh (CBES) 2024/2010 ón gComhairle [3] maidir le tiomantas leanúnach an Aontais tacú le hacmhainneachtaí Fhórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine a neartú i réimsí a bhfuil riachtanais tosaíochta acu.

(5) An 4 Nollaig 2024, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála iarraidh ó Phoblacht na hAirméine go dtabharfadh an tAontas cúnamh d'Fhórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine trealamh ríthábhachtach a fháil chun acmhainneachtaí lóistíochta agus leighis a neartú.

(6) Tá bearta cúnaimh le cur chun feidhme agus aird á tabhairt ar na prionsabail agus ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509, agus go háirithe ar chomhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle [4], agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais arna maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

[1] Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Chuimsithigh Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile (IO L 23, 26.1.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/104/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2024/2010 ón gComhairle an 22 Iúil 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine (IO L, 2024/2010, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2010/oj).

[4] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

(7) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré**

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a rachaidh chun tairbhe do Phoblacht na hAirméine ('an tairbhí') agus atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána ('an beart cúnaimh').

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an bhirt cúnaimh:

(a) rannchuidiú le hacmhainneachtaí míleata agus cosanta Fhórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine a neartú chun an tslándáil, an chobhsaíocht agus an athléimneacht náisiúnta a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin sibhialtaigh a chosaint ar bhealach níos fearr tráth géarchéime agus éigeandála;

(b) tacú le comhar i réimse na slándála agus na cosanta idir an tAontas agus an tairbhí, d'fhonn acmhainneachtaí an tairbhí a neartú chun bheith rannpháirteach i misin agus oibríochtaí míleata chomhbheartas slándála agus cosanta an Aontais, dlús a chur le comhlíonadh chaighdeáin agus idir-inoibritheacht an Aontais, agus ailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais a chur chun cinn.

3. Chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, leis an mbeart cúnaimh maoineofar lóistíocht agus trealamh leighis nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh chun an campa pubaill ar mhéid an chathláin agus saoráid cóireála leighis ról-1 arna glacadh faoi Chinneadh (CBES) 2024/2010 a mhéadú go leibhéal na briogáide, trí dhá ghné bhreise campa ar mhéid an chathláin agus na seirbhísí campa gaolmhara a chur leis.

Leis an mbeart cúnaimh, maoineofar freisin soláthairtíagus seirbhísí ábhartha, lena n-áirítear oiliúint theicniúil, i gcás inar gá sin.

4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 35 mí ón dáta a ghlacfar an Cinneadh seo.

*Airteagal 2*

**Socruithe airgeadais**

1. EUR 20 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme.

*Airteagal 3*

**Socruithe leis an tairbhí**

1. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú leis an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonann na haonaid sin d'Fhórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbaintear úsáid chuí agus éifeachtúil as aon sócmhainní a sholáthraítear faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéantar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a sholáthraítear faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil go hoibríochtúil i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcailltear aon sócmhainní a sholáthraítear faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistrítear iad chuig daoine nó eintitis seachas iad siúd a shainaithnítear sna socruithe sin.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina bhfaighfear go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

*Airteagal 4*

**Cur chun feidhme**

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509, agus leis na rialacha le haghaidh an ioncaim agus an chaiteachais a mhaoinítear faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme agus leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Is é an riarthóir um bearta cúnaimh a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Chinneadh seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí shocruithe riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 37 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

*Airteagal 5*

**Faireachán, rialú agus meastóireacht**

1. Déanfaidh an tArdionadaí faireachán ar a mhéid a chomhlíonfaidh an tairbhí na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3. Leis an bhfaireachán sin, úsáidfear é chun feasacht a sholáthar ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3, agus chun rannchuidiú leis na sáruithe sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag na haonaid d'Fhórsaí Armtha Phoblacht na hAirméine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú ar a seachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh iad, le deimhnithe seachadta na Saoráide Eorpaí Síochána a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú ar an bhfardal, trína bhfuil an tairbhí chun tuarascáil bhliantúil ar fhardal na míreanna ainmnithe a thabhairt go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nach dteastaíonn tuairisciú mar sin a thuilleadh;

(c) cuairteanna ar an láthair, trína ndeonóidh an tairbhí rochtain don Ardionadaí agus d'iniúchóirí na Saoráide Eorpaí Síochána chun cigireachtaí ar an láthair agus iniúchtaí na Saoráide Eorpaí Síochána a dhéanamh, arna iarraidh sin.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht deiridh tráth a bheidh an beart cúnaimh tugtha chun críche chun a mheas ar rannchuidigh an beart cúnaimh leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(2) a bhaint amach.

*Airteagal 6*

**Tuairisciú**

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, cuirfidh an tArdionadaí tuarascálacha tráthrialta faoi bhráid an Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go rialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis a sholáthar faoi na soláthróirí agus fochonraitheoirí lena mbaineann.

*Airteagal 7*

**Fionraí agus foirceannadh**

1. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a chinneadh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an beart cúnaimh a fhoirceannadh.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS